


Gníomhaíocht Daltaí: Rátaí malairte a iniúchadh

Déan in éineacht leis an gcomhad idirghníomhach, 'Rátaí Malairte', ar CD an Dalta.



1. Athraigh (comhshóigh) €29 go dollair SAM ar ráta malairte €1=\$1.05, nuair a ghearrann an banc coimisiún €4 san idirbheartaíocht. Bíodh do chuid áirimh le feiceáil.

2. Cé acu ráta malairte díobh seo ab fhearr dá mbeifeá chun €120 a chomhshó go dollair SAM? Mínigh an rogha a dhéanann tú.

Gearrann Banc A coimisiún €2.50 san idirbheart agus is é a ráta malairte, €1 = \$1.02.

Ní ghearrann Banc B coimisiún ar bith agus is é a ráta malairte, €1 = \$1.10.

3. Díolann Banc C airgeadra eachtrach gan choimisiún le mic léinn. Cé mhéad euro a bheidh le hóc ag Seosamh, mac léinn ollscoile, le Banc C chun \$125 a cheannach, ar ráta malairte €1=\$1.2? Bíodh do chuid áirimh le feiceáil.

4. D'athraigh an ráta malairte ó €1 = \$1.2 go €1 = \$1.3. Maidir le custaiméir atá chun €100 a chomhshó go dollair, an bhfaighidh sé níos mó dollar nó níos lú? Cé mhéad? Bíodh do chuid áirimh le feiceáil.

5. Comhshóigh \$100 go euro nuair is é an ráta malairte reatha, $\text{€}1 = \$1.24$. Glac leis nach ngearrfar coimisiún. Bíodh do chuid áirimh le feiceáil.

6. Cosnaíonn ceamara £150 i Sasana. Is é an ráta malairte, $\text{€}1 = \text{£}0.82$ agus gearrann an banc coimisiún €3 san idirbheart. Céard a chosnóidh an ceamara ina euro?

7. Tagann turasóir Meiriceánach go hÉirinn agus rún aige €145 a chaitheamh agus é ar saoire anseo. Cé mhéad dollar Meiriceánach a bheidh air a chomhshó go euro más é $\text{\$}1 = \text{€}0.77$ an ráta malairte? Bíodh do chuid áirimh le feiceáil.

8. Díolann cuideachta Éireannach earraí sa RA a dhíoltar ar €30 in Éirinn. Cén praghas steirling a chaithfidh siad a ghearradh ar na hearraí más é $\text{€}1 = \text{£}0.90$ an ráta malairte reatha? (Ná bac na costais iompair bhreise.) Bíodh do chuid áirimh le feiceáil.

9. Cé acu is saoire, dul ar saoire go Meiriceá ar ráta malairte $\text{€}1 = \$1.34$ nó ar ráta malairte $\text{€}1 = \$0.89$? Mínígh do fhreagra.

10. Easportálann cuideachta Éireannach earraí go dtí an RA, a dhíolann siad ansin ar £5 an ceann. Má athraíonn an ráta malairte ó $\text{€}1 = \text{£}1.20$ go $\text{€}1 = \text{£}0.80$, an mbeidh cúrsaí níos fearr nó níos measa don chuideachta Éireannach? Bíodh do chuid áirimh le feiceáil, agus mínígh do chuid réasúnaíochta.

-
-
11. Filleann Aoife ón Eilvéis agus 65 franc Eilvéiseach aici. Athraíonn sí go euro iad, ar ráta €1=1.40 franc. Cé mhéad a fhaigheann sí ar ais? Bíodh do chuid áirimh le feiceáil.
-
-

12. Seo a leanas na rátaí ar a ndíolann banc áirithe dréachtaí idirnáisiúnta:

Faoi bhun €600: 3.5% den tsuim a theastaíonn, faoi réir íostáille €3 agus uastáille €6.35 sa dréacht

€600 agus os a chionn: 0.75% den tsuim a theastaíonn, faoi réir íostáille €6.25 agus uastáille €25 sa dréacht

Comhlánaigh an tábla thíos:

Luach an dréachta a theastaíonn	Táille
€50	
€100	
€400	
€600	
€700	
€30,000	
€40,000	

13. Cinneann turasóir atá ar cuairt san Eilvéis costas earra áirithe a úsáid mar bhonn comparáide don chostas maireachtála san Eilvéis agus in Éirinn. Is é an ráta malairte, €1=1.35 Franc Eilvéiseach (CHF). Cosnaíonn an t-earra atá i gceist €50 in Éirinn agus 65 CHF san Eilvéis. An bhfuil an Eilvéis níos saoire nó níos daoire ná Éire ar an mbonn sin? Bíodh do chuid áirimh le feiceáil, agus mínigh do chuid réasúnaíochta.
-
-
-

14. Cosnaíonn earra 4950 rand na hAfraice Theas, agus is é an ráta malairte idir an dá airgeadra: 1 rand = €0.11. Cé mhéad a bheifeá ag súil a íoc ar an earra sin in Éirinn má tá an costas maireachtála mar an gcéanna sa dá thír? Bíodh do chuid áirimh le feiceáil.
-
-
-

15. Gearrann banc €3551.36 ar 8000 real na Brasaíle. Céard é an ráta malairte idir an euro agus real na Brasaíle? Bíodh do chuid áirimh le feiceáil.

16. Díoltar DVD ar €30.00 in Éirinn agus díoltar an DVD ceannann céanna ar \$35 i SAM. Is é an ráta malairte, $\$1.00 = \text{€} 0.63$. An bhfuil difríocht sa praghas idir an dá thír? Má tá, cén céatadán difríochta atá idir an praghas in Éirinn agus an praghas i SAM, cruinn go dtí ionad deachúlach amháin? Bíodh do chuid áirimh le feiceáil.
